

Dia do bheatha, a Naoidhe naoimh

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr I*, Dublin, 1967, poem 30]

Aodh Mac Aingil .cct.

1 Dia do bheatha, a Naoidhe naoimh,
san mainséar do chlaon do chorp
gidh meadhreach is saidhbheir Tú
's glórmhar id dhún féin anocht.

2 A Naoidhe bhig atá mór,
a Leanbháin óig atá sean,
san mainséar ní chuire a lán
gé nach bhfagha áit ar neamh.

3 Ar neamh Dhíbh gan mháthair riamh:
gan athair 'nar n-iath anocht;
it fhírdhia riamh atá tú:
is id dhuine ar dtús anos.

4 Ní sine th'Athair ná Sibh;
óige an Mháthair, a Mhic Dé;
sine is óige an Mac nó í
óige is sine í ná É.

5 Do dhiadhacht atá [so] i nglóir
's T'anum fós san tír-si abhos
a sheinMhic 's a ÓigMhic Dé,
ní tuightear linn féin do ghoil.

6 Móir-eagna an Athar nach Thú?
cionas measdar gan iúl linn?
'sa briathra nach labhra, a rí?
mór míorbhal do-ní mar sin.

7 I gcrios ceangail acht cé taoi,
gluaise mar ghaoi ós gach spéir;
déantóir na n-uile is na ndúl
iongna déanta go húr É!

8 Athair Tú dod mháthair féin;
maighdeanas nír thréig an bhean
tuaim gan sholas - iongna mór -
is grian innti gan dul as.

9 'Na spiorad cé do bhí riamh
corpordha ad-chím mo Dhia anocht
as gur labhairt damh is am
Briathar Dé mar bhalbh 'na thocht.

10 Coisg a réasúin, stad a chiall,
glac an creidiomh, srian do bheol,
ní thuigfe, is nír thuig-se riamh,
dála an leinibh-si acht Dia beo.

11 Druid do shúile, a nádúr dhall,
t'eolas annso is cam an ród;
creidim gach ní adubhairt mé;
m'ughdar an Té nar chan gó.

12 Dia do bheatha, a Íosa arís!
dia do bheatha, i gclí ón óigh!
a ghnúis is áille ná an ghrian,
na mílte fáilte do Dhia óg!

13 Uch! dá lamhuinn dul isteach
a atú amuigh led chead, a Rí -
le fáilte, do-bhéarainn fós
míle agus míle póg Díbh.

14 Póg dod bhél, a Bhráthair gaoil
póg, a Phápa naomh dod chois;
póg dod láimh ós Tú mo Rí
is duit uile, a Dhia, mo thoil.

15 Tabhair, a Rí, gidh nach ceart,
áit id thuamuidh don treas brúit,
a measg na ngaedhar ón tsiabh,
rér chosmhuile riamh ar ndúl.

16 A measg na n-aoghaire id dhún
áit trem pheacadh ní dú damh;
acht uaidhne ná diúlt-sa Uait
ós Tú m'aoghaire - an t-uan clamh.

17 A Mhuire, a mháthair, a ógh,
osgail dorus an chró damh
go n-adhrainn AirdRí na ndúl;
nach córa dhúin ná do dhamh?

18 Do-ghéan seirbhís do Dhia abhos
faire go moch is go mall;
gadhair na mbuachaill ón tsiabh
buailfead ón Triath atá fann.

19 An t-asal fós is an damh
ní léigfead i ngar dom Rígh;
do-ghéan féin a n-áit sin Dó:
asal mé is bó Mhic Dé Bhí.

20 Do-bhéar uisge liom go moch;
sguabfad urlár bocht Mhic Dé;
do-ghéan teine im anum fhuar
's tréigfead tre dhúthracht mo chorp claon.

21 Nighfead A bhoichtbhréide Dhó
is dá dtuga, a ógh, cead damh,
mo cheirt féin do bhainfinn díom
dá cur mar dhíon ar do Mhac.

22 Biad mar chócaire gan bhiadh
's im dhoirseóir do Dhia na ndúl;
's ó tá orrtha go mór m'fheidhm,
iarfad fa mo dhéirc do thriúr.

23 Ní iarfad airgead ná ór
acht uair san ló póg dom Rígh
- do-bhéar mo chroidhe féin uaim -
's glacfad é mar luach an Trír.

24 A Phádrúic ón Leanbh-so fuair
bachall Íosa mar bhuaidh grás,
a ghein gan domblas id chlí,
's a Bhrighid - bí linn do ghnáth.

25 A phátrúin Oiléan na Naomh
faghaidh grása ó dhia dhúin;
mar chruimh i n-uamhuidh Dé anocht
glacthar bráithrín bocht ó Dhún.

26 Go nguaidhiodh sin urtha fós
- ó tá gan stór ngrás 'nar dtír -
fóireadh 's filleadh ar na boicht
ó Thoigh Theamhrach atá ar díth.

27 Míle fáilte anocht i gclí
le mo chroidhe dom Rígh fial
in dá nádúir ó do-chuaidh
póg is fáilte uaim do Dhia!